Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

15904/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0364(NLE)**

**RESUA 33**
**FIN 1451**
**ECOFIN 1604**
**ELARG 154**
**COEST 843**
**DEVGEN 221**
**UA PLATFORM 18**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht pháirteach an tséú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht pháirteach an tséú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 26(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Colún I den tSaoráid don Úcráin (‘an tSaoráid’), arna bunú le Rialachán (AE) 2024/792, cuirtear tacaíocht airgeadais suas le EUR 38 337 000 000[2] ar fáil don Úcráin le haghaidh na tréimhse 2024- 2027 i bhfoirm tacaíocht neamh- inaisíoctha agus iasachta. Déantar maoiniú faoi Cholún I a leithdháileadh ar bhonn Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin (‘an Plean’) arna fhormheas le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle[3], arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ón gComhairle[4] go príomha. Leagtar amach sa Phlean clár oibre athchóirithe agus infheistíochta na hÚcráine, agus na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha le cistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

(2) Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447, arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157, an tráthchlár chun faireachán a dhéanamh ar an bPlean agus chun é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla atá nasctha le cistiú faoi Cholún I den tSaoráid.

---

2 I gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ón gComhairle, soláthróidh an tSualainn SEK 750 000 000, is é sin thart ar EUR 67 000 000, mar ranníocaíocht airgeadais bhreise le Colún I den tSaoráid i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha, tar éis comhaontú maidir le haistriú idir an tSualainn agus an Coimisiún a theacht i bhfeidhm agus tar éis aistriú na ranníocaíochta airgeadais lena mbaineann.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj).

4 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2025/2157, 27.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2157/oj).

(3) Is é EUR 32 337 000 000 suim iomlán na n- acmhainní airgeadais a chuirtear ar fáil le haghaidh an Phlean as a bhfuil EUR 5 337 000 000 i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha agus suas le EUR 27 000 000 000 i bhfoirm iasachta.

(4) I gcomhréir le hAirteagail 24 agus 25 de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 6 000 000 000 leis an Úcráin mar mhaoiniú idirlinne eisceachtúil agus EUR 1 890 000 000 i bhfoirm réamh- mhaoinithe, ar réamhíocaíocht 7 % é den tacaíocht iasachta atá an Úcráin incháilithe a fháil faoin bPlean.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 26(4) de Rialachán (AE) 2024/792, eisíocadh EUR 16 576 146 834 leis an Úcráin sna chéad chúig thráthchuid faoin bPlean, ar eisíocadh EUR 3 400 000 000 de i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh- inaisíoctha agus EUR 13 176 146 834 i bhfoirm iasachta. I gcomhréir leis an gComhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/792, úsáideadh méid EUR 991 752 987 ó na chéad chúig thráthchuid chun réamh- mhaoiniú na hiasachta a imréiteach.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2024/792, an 31 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Úcráin iarraidh chuí- réasúnaithe isteach ar íocaíocht cuid den séú tráthchuid den tacaíocht iasachta. An 11 Samhain 2025, chuir sí iarraidh nuashonraithe isteach chun glacadh céime atá fós gan réiteach faoin gceathrú tráthchuid a chur san áireamh. De bhun Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2024/792, níl íocaíocht a coinníodh siar le heisíoc ach amháin nuair a bheidh míniú cuí tugtha ag an Úcráin, mar chuid d'iarraidh ar íocaíocht ina dhiaidh sin, go bhfuil na bearta is gá déanta aici chun a áirithiú go bhfuil na céimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla curtha i gcrích go sásúil. Bhí sraith doiciméad ag gabháil leis an iarraidh lenar léiríodh comhlíonadh sásúil céim amháin faoin gceathrú tráthchuid agus ocht gcéim faoin séú tráthchuid. Chuir sí isteach freisin gach doiciméad a cheanglaítear faoi Airteagal 12 den Chreat-Chomhaontú, Airteagal 5 den Chomhaontú Maoiniúcháin agus Airteagal 6 den Chomhaontú Iasachta a tugadh i gcrích idir an tAontas agus an Úcráin de bhun Airteagail 9, 10 agus 22, faoi seach, de Rialachán (AE) 2024/792.

(7) Na céimeanna atá mar bhonn taca leis an iarraidh is déanaí ón Úcráin, baineann siad le hathchóirithe éagsúla a leagtar amach sa Phlean faoi na caibidlí maidir le bainistiú airgeadais phoiblí, an córas breithiúnach, margaí airgeadais, an caipiteal daonna, an timpeallacht ghnó, dílárú agus beartas réigiúnach, bainistiú amhábhar criticiúil, agus an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil. Rinneadh an uirlis bainistíochta digití le haghaidh atógáil na hÚcráine a fhorbairt agus a chur chun feidhme. An dlí lena mbunaítear cúirt nua chun cásanna riaracháin a éisteacht, an reachtaíocht maidir leis na prionsabail a bhaineann le bainc faoi úinéireacht stáit a dhíol, an dlí maidir le heagrú críochach na n-údarás feidhmiúcháin san Úcráin a athchóiriú agus an reachtaíocht maidir le tacaíocht phoiblí do thalmhaíocht, tháinig siad i bhfeidhm. Glacadh caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trí ghrúpa de tháirgí tionsclaíocha, an dara Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta ag an Úcráin le Comhaontú Pháras arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus an Plean Bainistithe Dramhaíola Náisiúnta go dtí 2033. Foilsíodh tuarascáil maidir le fíorú chúlchistí na n-amhábhar criticiúil san Úcráin.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2024/792, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar iarraidh na hÚcráine agus rinne sé measúnú dearfach ar chomhlíonadh sásúil ceann den dá chéim atá fágtha agus atá riachtanach le haghaidh an cheathrú tráthchuid agus ocht gcinn de na deich gcéim atá riachtanach le haghaidh an tséú tráthchuid, mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Rinneadh an measúnú dearfach i gcomhthéacs chur chun feidhme an Phlean. Déanfar ailíniú breise le *acquis* an Aontais a éascú trí phróiseas aontachais an Aontais.

(9) Ina hiarraidh ar íocaíocht, dheimhnigh an Úcráin nár aisiompaigh sí aon bheart a bhaineann leis na céimeanna a bhí comhlíonta go sásúil aici roimhe sin.

(10) De réir mheasúnú breise an Choimisiúin, tá an réamhchoinníoll maidir le tacaíocht ón Aontas a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/792 á chomhlíonadh ag an Úcráin fós. Go sonrach, leanann an Úcráin de shásraí éifeachtacha daonlathacha a choinneáil ar bun agus a urramú, lena n- áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta, agus urraim a ráthú do chearta an duine, lena n- áirítear cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart a bhunú leis an gCinneadh seo gur comhlíonadh go sásúil na coinníollacha ábhartha maidir le híocaíocht an cheathrú tráthchuid i ndáil le ceann den dá chéim atá fágtha agus íocaíocht an tséú tráthchuid i ndáil le hocht gcinn de na deich gcéim faoin bPlean.

(12) I bhfianaise na staide airgeadais deacra ina bhfuil an Úcráin, tá sé ríthábhachtach na cistí a eisíoc a luaithe is féidir. I bhfianaise phráinn na staide agus d’fhonn dlús a chur leis an bpróiseas, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunaítear leis seo comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha ábhartha maidir le híocaíocht pháirteach an cheathrú agus an tséú tráthchuid den tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha agus den tacaíocht iasachta dar luach EUR 2 456 365 209, sula ndéanfar an réamh-mhaoiniú a imréiteach, as a gcomhfhreagraíonn EUR 597 494 240 don cheathrú tráthchuid agus EUR 1 858 870 969 don séú tráthchuid, i gcomhréir leis an measúnú arna sholáthar ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792, atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*